



Freagra ar  
Chomhairliúchán:

# Dréacht-Ráiteas Straitéise 2025 go 2027

Dáta foilsithe: Márta 2025

# Clár Ábhar

<b>1. Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>2. Freagra ar an gComhairliúchán</b>	<b>4</b>
2.1 Forléargas ar an aiseolas a fuarthas	4
2.2 Anailís théamach agus freagra ar aighneachtaí	4
<b>3. Na chéad chéimeanna eile</b>	<b>17</b>
<b>Aguisín</b>	<b>18</b>
Aighneacht thar ceann: Audiovisual Ireland	18
Aighneacht thar ceann: Independent Radio and TV Producer	20
Aighneacht thar ceann: Local Ireland (RNPAI)	21
Aighneacht thar ceann: Mediahuis Ireland	22
Aighneacht thar ceann: MPC-TV	24
Aighneacht thar ceann: National Disability Authority	25
Aighneacht thar ceann: RTÉ	27
Aighneacht thar ceann: Technology Ireland, IBEC	29
Aighneacht thar ceann: Sky Ireland	31
Aighneacht thar ceann: Screen Producers Ireland (1 of 2)	33
Aighneacht thar ceann: Screen Producers Ireland (2 of 2)	34
Aighneacht thar ceann: An Coimisiún Toghcháin	36

# 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán ('An Coimisiún') gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialáil. Bunaíodh é an 15 Márta 2023 leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 lenar leasaíodh an tAcht Craolacháin, 2009.

In 2024, chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas chun ár gcéad Ráiteas Straitéise a fhorbairt don tréimhse 2025 go 2027, agus an dá bhliain sin san áireamh. Mar chuid den phróiseas sin, d'fhoilsíomar dréacht-Ráiteas Straitéise le haghaidh comhairliúcháin poiblí an 6 Samhain 2024, agus d'iarramar freagraí a fháil faoin 4 Nollaig 2024. Iarradh barúlacha sa chomhairliúchán maidir leis na nithe seo a leanas:

1. Misean agus Luachanna beartaithe an Choimisiúin, agus a mhéid a mhíníonn siad an méid a dhéanaimid (ár misean) agus ár n-uaimhianta don todhchaí (fís)
2. Na torthaí straitéiseacha atá beartaithe againn, agus a mhéid atá siad oiriúnach i gcomhthéacs ár ról agus na timpeallachta ina bhfuilimid ag feidhmiú
3. Réimsí oibre ar mhaith le freagróirí go dtabharfaimis fúthu faoi cheann amháin nó níos mó de na torthaí straitéiseacha beartaithe
4. Tosaíochtaí breise ba cheart a bhreithniú lena gcur san áireamh sa Ráiteas Straitéise deiridh.

Iarradh ar fhreagróirí a dtuairimí a chur in iúl trí fhoirm ar líne. Tugadh an rogha dóibh siúd ar spéis leo páirt a ghlacadh ionchur a sholáthar i bhformáid scríofa eile, nó trí mhodhanna malartacha in imthosca áirithe. De réir ár [dTreoirlínte Comhairliúcháin](#), tá an Freagra seo ar Chomhairliúchán á fhoilsiú againn tar éis an próiseas comhairliúcháin poiblí a thabhairt chun críche.

Is é cuspóir an Fhreagra seo ar Chomhairliúchán na príomh-shaincheistean agus na príomh-mholtaí a eascraíonn as na haighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin poiblí a leagan amach, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar bhreithníomar na hábhair sin agus ar an bhfreagra a thugamar orthu.

Is mór againn an t-aiseolas a fuarthas agus gabhaimid buíochas leo siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin poiblí.



## 2. Freagra ar an gComhairliúchán

Fuarthas 12 aighneacht san iomlán ó na 11 eagraíocht atá liostaithe thíos, agus tá cóip de gach aighneacht i gceangal leis an doiciméad seo.

1. An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
2. Local Ireland (RNPAI)
3. MPC-TV
4. Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann [x2]
5. Technology Ireland, IBEC (dá ngairtear Technology Ireland sa tuarascáil seo)
6. Mediahuis
7. Léiritheoir neamhspleách raidió & teilifíse
8. Sky Ireland
9. RTÉ
10. Audiovisual Ireland
11. An Coimisiún Toghcháin

Rinneamar breithniú cúramach ar na haighneachtaí go léir a fuarthas, agus aird chuí á tabhairt againn ar na haighneachtaí ina n-iomláine, rinneamar ár mbreithiúnas a fheidhmiú agus thángthamar ar chomhdhearcadh maidir leis an leagan deiridh den Ráiteas Straitéise atá le glacadh.

I roinn 2.2 soláthraímid cuntas ar na hábhair a ardaíodh sa chomhairliúchán poiblí a raibh leasuithe ar an dréacht-Ráiteas Straitéise mar thoradh orthu, chomh maith leis na hábhair nárbh fhéidir a bhreithniú ar chúiseanna praiticiúla, dlíthiúla nó beartais. Níl sé i gceist go mbeadh sé uileghabhálach, agus níor cheart a mheas gurb ionann mainneachtain tagairt a dhéanamh d'aon ábhar ar leith agus mainneachtain aird a thabhairt ar aon chuid ar leith d'aighneacht nó don aighneacht ina hiomláine.

### 2.1 Forléargas ar an aiseolas a fuarthas

Measadh go raibh an fhís, an misean agus na luachanna atá beartaithe soiléir agus inchreidte agus thacaigh na freagróirí leo tríd is tríd.

Bhí leibhéal ard comhaontaithe ar fud na n-aighneachtaí go léir maidir leis na torthaí straitéiseacha atá beartaithe, cé gur mhol roinnt freagróirí go bhféadfaí béim níos mó a chur ar ghnéithe áirithe. I gcás inar sainaithníodh bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann, rinne roinnt freagróirí moltaí chun aghaidh a thabhairt orthu agus mhol siad tosaíochtaí breise lena gcur san áireamh sa Ráiteas Straitéise deiridh.

### 2.2 Anailís théamach agus freagra ar aighneachtaí

Tar éis anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí, rinneamar achoimre ar na príomhthorthaí faoi na ceanteidil seo a leanas:

- Téama 1: Fís, ról agus cur chuige an Choimisiúin maidir lena shainordú a chur i gcrích
- Téama 2: Maoiniú/inbhuanaitheacht eacnamaíoch/inmharthanacht tráchtála earnáil meán na hÉireann
- Téama 3: Iolrachas, éagsúlacht agus cuimsiú
- Téama 4: Infheictheacht earnálacha áirithe agus cineálacha ábhair áirithe
- Téama 5: Cumarsáid, comhairliúchán agus comhar
- Téama 6: An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann
- Téama 7: Intleacht Shaorga agus deiseanna agus dúshláin eile atá ag teacht chun cinn
- Téama 8: Cur chun feidhme na Straitéise

I líon beag cásanna, measadh go raibh an t-aiseolas a fuarthas ábhartha faoi níos mó ná réimse téamach amháin agus dá bhrí sin cuireadh san áireamh é faoi gach ceanteideal ábhartha.



## Téama 1: Fís, ról agus cur chuige an Choimisiúin maidir lena shainordú a chur i gcrích

### *Barúlacha ó fhreagróirí:*

Bhí fáilte mhór roimh an bhfís agus roimh na torthaí straitéiseacha a cuireadh in iúl sa dréacht-Ráiteas Straitéise. Chuir Audiovisual Ireland, mar shampla, fáilte ar leith roimh an tiomantas soiléir san fhís chun tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, mheas MPC-TV go bhfuil an fhís leagtha amach i gceart, mheas RTÉ go raibh ardmhianta na straitéise inmholta, agus chuir Sky Ireland a thacaíocht don fhís in iúl agus d'aontaigh sé leis na sé thoradh straitéiseacha go léir.

Mhol roinnt freagróirí modhnuithe. D'fháiltigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, mar shampla, roimh an dréacht-fhís ach mhol sé go smaoinodh an Coimisiún ar 'cuimsitheach' a chur in ionad an fhocail 'ilghnéitheach'. Chuir Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann in iúl go bhfáiltítear go mór roimh an dréacht-fhís ach mhol siad go bhféadfaí í a leasú chun na focail "in Éirinn" a chur san áireamh ag an deireadh, ar mhaithe le soiléireacht iomlán. Mhol Sky Ireland, cé gur aontaigh sé leis na sé thoradh straitéiseacha, roinnt téacs breise le breithniú faoi roinnt de na torthaí sin.

Mheas Technology Ireland agus Mediahuis Ireland go bhfuil gá le bheith níos soiléire maidir leis na paraiméadair a rialaíonn an Coimisiún laistigh díobh agus mhol siad go bhféadfad cuid den téarmaíocht sa dréacht-Ráiteas Straitéise a bheith míthreorach.

Luaigh RTÉ agus Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann ár ról mar rialtóir neamhspleách, agus mheas siad go bhféadfaí, mar rialtóir neamhspleách, níos mó béime a chur ar a chinntiú go ndéantar cinntí maoinithe ar bhonn neamhspleách.

Rinne Technology Ireland agus RTÉ tagairt do luach an mhisnigh atá mar bhonn agus mar thaca ag ár gcur chuige rialála. Cé gur mhol RTÉ gur cheart tiomantas níos airde a léiriú sa Ráiteas Straitéise deiridh do ghníomhú i ról an Choimisiúin maidir le bheith ag tacú le hathrú i dtírdhreach athraitheach na meán, chuir Technology Ireland a thuairim in iúl nach bhfuil *Misneach* oiriúnach agus gur cheart é a leasú toisc nach faoi rialtóirí atá sé rioscaí a ghlacadh ná "dúshlán a thabhairt don status quo".

D'iarr Audiovisual Ireland go gcuirfí níos mó béime ar ár ról mar cheannaire smaoinimh don earnáil, ag déanamh taighde neamhspleách ar shaincheistanna tábhachtacha tosaíochta agus ag tacú leo, de réir mar is cuí.

Lorg Technology Ireland tuilleadh béime ar phrionsabail na trédhearcachta agus na comhréireachta mar luachanna nó prionsabail neamhspleácha atá mar bhonn taca leis na luachanna uile atá againn cheana. Ar an gcaoi chéanna, d'iarr siad ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí a thabhairt faoi shraith rannpháirtíochta níos soiléire le heintitis rialáilte, ag tosú le comhairliúchán agus ag críochnú le forfheidhmiú, ionas nach í forfheidhmiú an phríomhshlat ar dá réir a thomhaistear rath. Mhol siad freisin go gcuirfimis *Barr Feabhais Oibríocháin* san áireamh mar luach atá mar bhonn taca lenár gcuid oibre, ag cinntiú go bhfuil na hacmhainní, na scileanna agus na próisis chúí i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun feidhmiú éifeachtach ár n-oibríochtaí a éascú.

### *Breithniú agus freagra Choimisiún na Meán:*

Aontaímid go hiomlán leis an tábhacht a bhaineann le gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a chumasú chun páirt a ghlacadh i dtírdhreach na meán agus leis na meáin, agus táimid tiomanta go hiomlán oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir chun é seo a chinntiú. Léirítear é sin sa mhéid go bhfuil 'Éagsúlacht agus Cuimsiú' ar cheann de na sé thoradh straitéiseacha atá againn, agus sna tagairtí don chuimsiú agus don inrochtaineacht ar fud an doiciméid.

I bhfianaise ár sainchúraim reachtúil maidir le gnéithe den rialáil ar an leibhéal idirnáisiúnta, ní mheasaimid gur cuí na focail "in Éirinn" a áireamh ag deireadh ár ráitis físe.

Cé nach bhfuil leasú déanta againn ar an ráiteas físe, tar éis machnamh a dhéanamh ar an aiseolas ón Údarás Náisiúnta Míchumais, tá níos mó béime curtha againn ar inrochtaineacht agus ar chuimsiú in áiteanna eile sa doiciméad, lena n-áirítear sa Bhrollach a ghabhann leis an ráiteas straitéise deiridh anois.

Aontaímid go bhfuil soiléireacht maidir lenár ról mar rialtóir tábhachtach. Tugaimid dár n-aire go léiríonn an ráiteas misin atá sa dréacht-Ráiteas Straitéise ár gcreat reachtach. Tugaimid dár n-aire freisin gur thacaigh go leor freagróirí ar an bpróiseas comhairliúcháin go sainráite leis an ráiteas misin atá beartaithe. Mheas Audiovisual Ireland, mar shampla, go mínítear go soiléir ann an méid a dhéanann an Coimisiún, mheas MPC-TV go raibh an misean curtha le chéile i gceart, chuir Sky Ireland a thacaíocht in iúl, agus chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann fáilte roimhe. Agus an méid thuas ar fad á chur san áireamh, ní mheasaimid gur cuí an dréacht-ráiteas misin a leasú.

Aontaímid gur suntasach an ról atá againn mar rialtóir neamhspleách, agus tugaimid dár n-aire go ndéantar tagairt dó sin sa dréacht-Ráiteas Straitéise, ina ngeallaimid ár ról mar 'rialtóir láidir, misniúil, neamhspleách, dírithe ar ghníomhú' a chomhlíonadh. Mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas, chuireamar leis an mbéim ar ár neamhspleáchas trí thagairt a dhéanamh dó go sainráite sa Bhrollach a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise deiridh anois.

Go deimhin, tacaíonn an Coimisiún le hathrú, agus tá ár gcuid oibre maidir le tacú le hearnáil na meán agus í a fhorbairt clúdaithe go forleathan cheana féin sa dréacht-Ráiteas Straitéise. Measaimid nach bhfuil gá le tuilleadh breisithe, agus go mbeadh siad díreireach i gcomhthéacs Ráiteas Straitéise atá cuibheasach gearr agus achomair.

Mar rialtóir, is éard atá i gceist lenár ról ná rioscaí tomhaiste a ghlacadh agus dúshlán a chur roimh an status quo, i gcás nach dtacaíonn an status quo lenár bhfís agus lenár dtorthaí straitéiseacha a bhaint amach. Mar sin, measaimid gur luach tábhachtach é misneach atá mar bhonn taca lenár gcuid oibre.

Aontaímid go bhfuil ról tábhachtach againn mar cheannaire smaoinimh san earnáil. Bainfimid leas as ár n-uirlis seachadta, "Taighde agus Béim Amach Anseo" chun an ról sin a chur i bhfeidhm, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí beartais, taighde agus teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus trí úsáid a bhaint as na léargais sin chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre rialála agus forbartha meán. Cé go measaimid go bhfuil an ghné seo dár ról clúdaithe go leordhóthanach cheana sa dréacht-Ráiteas Straitéise, rinneamar tagairt dó arís, chun béim bhreise a chur air, sa Bhrollach a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise deiridh.

Aontaímid gur príomhphrionsabail iad trédhearcacht agus comhréireacht nach mór a bheith mar bhonn taca lenár gcuid oibre go léir, agus is mian linn aon mhíthuiscint a cheartú go bhféadfaí forfheidhmiú a mheas mar phríomhshlat ar dá réir a thomhaistear rath. Mar a leagtar amach sa dréacht-Ráiteas Straitéise, tá sraith fhairsing uirlisí ar fáil dúinn, agus bainfimid úsáid astu go breithiúnach chun ár sainordú a chur i gcrích. Déanfaimid é sin ar bhealach atá trédhearcach agus comhréireach, agus táimid sásta go bhfuil ár dtiomantas do na prionsabail sin clúdaithe go forleathan sa Ráiteas Straitéise cheana féin. Mar shampla, tagraítear sa dréacht-Ráiteas Straitéise dár gcur chuige mar chur chuige atá "cothrom, comhréireach, trédhearcach agus comhsheasmhach" agus in áiteanna eile leagtar béim ar "éifeachtacht, cothroime agus trédhearcacht ár gcur chuige". Tá tagairtí ann dár gcinnteoireacht thrédhearcach agus do thrédhearcacht a chur chun cinn in úinéireacht na meán, chomh maith le tiomantas d'eagraíocht oscailte thrédhearcach a thógáil. Tá comhréireacht intuigthe sna tagairtí dár gcur chuige rioscabhunaithe. Agus an méid sin go léir á chur san áireamh, ní mheasaimid go bhfuil gá le tuilleadh leasuithe.

Aontaímid gur luach ríthábhachtach é barr feabhais oibriúcháin d'aon eagraíocht, agus is ceann é a bhfuilimid tiomanta dó. Cé nach gcreidimid gur gá tagairt shainráite a dhéanamh don téarma barr feabhais oibriúcháin, táimid sásta go bhfuil sé intuigthe i gcuid mhaith den fhocláíocht atá ann cheana sa roinn 'Áisitheoirí Seachadta', go sonrach, 'dea-chleachtas a úsáid'; "atá solúbtha, éifeachtach agus dea-bhainistithe" chomh maith le "úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní". Ina theannta sin, spreagann na luachanna a chuirtear in iúl sa dréacht-Ráiteas Straitéise iompraíochtaí a

thacaíonn le barr feabhais oibriúcháin. Ní chreidimid gur gá, dá bhrí sin, barr feabhais oibriúcháin a chur leis mar luach ar leith.

## **Téama 2: Maoiniú / inmharthanacht tráchtála / inbhuanaitheacht earnáil meán na hÉireann**

### *Barúlacha ó fhreagróirí:*

Áiríodh le go leor de na haighneachtaí tuairimí faoin gceannteideal leathan seo, agus aithníonn an chuid is mó díobh ról tábhachtach an Choimisiúin maidir le tacú leis an earnáil agus a hinmharthanacht eacnamaíoch a chur chun cinn.

D'iarr Sky Ireland, mar shampla, go gcuirfí níos mó béime sa Ráiteas Straitéise deiridh ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch earnáil meán na hÉireann agus chuir sé in iúl go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis seo i gcás oibreoirí teilifíse tráchtála atá, dar leis, ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag éirí níos dúshlánaí. Ar an gcaoi chéanna, mhol RTÉ go n-áireofaí 'Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch' mar thoradh straitéiseach neamhspleách chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos cuimsithí, ar athléimneacht agus inmharthanacht fhadtéarmach earnáil na meán. Mhol sé freisin go bhféadfaí eagarthóireacht a dhéanamh ar an téacs a ghabhann leis an toradh straitéiseach, 'Cultúr na hÉireann agus na Meáin', chun an tuairisceoir 'bríomhar' a chur san áireamh. Chuir Audiovisual Ireland in iúl go bhfuil baint amach na dtorthaí straitéiseacha ag brath ar acmhainní maithe a bheith ag an earnáil agus ar neamhspleáchas iomlán eagarthóireachta agus cruthaitheachta a bheith aici. Chuir sé in iúl go mbraitheann sé sin ar deireadh thiar ar an earnáil a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de agus rathúil ó thaobh na tráchtála de. Sa chomhthéacs sin, d'ardaigh sé saincheist na píoráideachta ar ábhar closamhairc, agus an gá atá le cruthaitheoirí ábhair agus earnáil na meán a chosaint ar bhonn níos leithne. D'ardaigh Sky Ireland saincheist na píoráideachta ina aighneacht freisin, agus mhol sé roinnt tagairtí follasacha do pháirídeacht le cur san áireamh sa Ráiteas Straitéise deiridh.

Leag roinnt freagróirí béim ar réimsí a mheas siad a raibh tosaíocht mhaoiniúcháin de dhíth orthu. Mar shampla:

Leag Audiovisual Ireland béim ar na nithe seo a leanas:

- Léiriú réigiúnach agus forbairt scileanna
- Ábhar Gaeilge a fhorbairt, a léiriú agus a sheachadadh chun cultúr agus oidhreacht na hÉireann a thaispeáint
- Craoltóireacht seirbhíse poiblí

Leag Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann béim ar na nithe seo a leanas:

- Maoiniú atá cobhsaí agus a bhfuil acmhainní cuí aige do na Meáin Seirbhíse Poiblí (PSM)
- Maoiniú tiomnaithe Fuaimne & Físe do léiritheoirí neamhspleácha

Chuir Sky Ireland béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i léiriú ábhair a thugann níos mó éagsúlachta don earnáil, agus d'iarr MPC-TV go dtabharfaí níos mó tacaíochta do theilifís phobail áitiúil a bhaineann, dar leis, úsáid níos fearr as tallann faoin tuath in Éirinn agus a thaispeánann níos fearr áilleacht/éagsúlacht na hÉireann ar leibhéal áitiúil. Ar an gcaoi chéanna, leag Local Ireland béim ar an luach a bhaineann le foilsitheoirí nuachta áitiúla.

Bhain roinnt de na haighneachtaí le leithdháileadh maoinithe ag an gCoimisiún. Mar shampla:

- Mhol Mediahuis gur cheart tagairt i bhfad níos leithne ná craoltóirí seirbhíse poiblí a dhéanamh i gcomhthéacs na ndúshlán atá roimh earnáil na meán agus na dtacaíochtaí ar féidir leo cabhrú leo
- D'iarr Local Ireland cothromaíocht maidir le maoiniú agus thug siad rabhadh i gcoinne gníomhartha a d'fhéadfadh éagothroime shuntasach a chruthú ó thaobh iomaíochais de.

- Lorg RTÉ tiomantas chun an tobhach meán atá beartaithe a chur chun cinn do sheirbhísí a sholáthraíonn seirbhísí SVOD in Éirinn.
- Lorg Technology Ireland gealltanas go n-úsáidfear cistí toibhithe go cothrom, go trédhearcach agus go héifeachtúil i réimsí a bhaineann go díreach le rialáil catagóire seirbhíse faoin DSA, faoin TCOR nó faoin OSMR. D'áitigh siad go seachnódh an Coimisiún cás ina mbeadh soláthraithe seirbhíse faoi réir tobhaigh níos airde (nó dhúblacha) ar an leibhéal náisiúnta ná, mar shampla, táillí maoirseachta faoin DSA.

Chuir an aighneacht ó Audiovisual Ireland roinnt sásraí maoinithe féideartha ar fáil lena n-íniúchadh tuilleadh. Mar shampla, mhol siad go bhféadfadh an Coimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- staidéar taiscéalaíoch a dhéanamh ar an bhféidearthacht ardú dreasachta creidmheasa faoi Alt 481 a thabhairt isteach do léiritheoirí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta.
- Cleachtadh scóipe a dhéanamh maidir le beart sonrath amharcéifeachtaí (VFX) a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i mBuiséad 2026.

Mhol siad freisin go dtacóimis le tallann chruthaitheach na hÉireann trí chleachtadh a dhéanamh chun acmhainní Scáileán Éireann a thagarmharcáil i gcoinne na n-acmhainní sin a chuirtear ar fáil do ghníomhaireachtaí comhchosúla i dtíortha inchomparáide.

Bhain aighneacht amháin leis an táille cheadúnais. Mhol MPC-TV go ndéanfaí athbhreithniú ar an táille cheadúnais do stáisiúin bheaga teilifíse pobail.

Tharraing Sky Ireland aird ar an teannas a d'fhéadfadh a bheith ann idir maoiniú agus nuálaíocht, agus tharraing sé aird ar an infheistíocht atá á déanamh ag oibreoirí tráchtála sa nuálaíocht agus tharraing sé aird ar an mbaol go gcuirfí é sin i mbaol i gcás ina bhfuil rialacha maoiniúcháin róshaintreorach.

Thug Léiritheoirí Scáileán na hÉireann le fios nach bhfuil aon tagairt sa dréacht-Ráiteas Straitéise d'oibleagáidí agus tobhaigh infheistíochta chun léiriú Saothair Eorpacha agus oibreacha náisiúnta a chur chun cinn. Leag siad béim ar phatrúin athraithe tomhaltais, trína bhfuil ioncam mór síntiús ag dul chuig seirbhísí cábla agus ardáin VOD, agus cuireann siad in iúl go dtugann sé sin dúshlán do chumas chraoltóirí na hÉireann sreabhadh ábhair atá ábhartha ó thaobh cultúir de a choinneáil.

Mhol Mediahuis gur cheart don Choimisiún dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir leis na cineálacha scéimeanna tacaíochta a bheidh riachtanach chun iad a chothú ina ról mar sholáthraithe ábhair seirbhíse poiblí.

#### *Breithniú agus freagra Choimisiún na Meán:*

Aontaímid go huile agus go hiomlán leis an tábhacht a bhaineann le hearnáil na meán a bheith bríomhar agus inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de. Rinneadh tagairt shuntasach d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch inár ndréacht-Ráiteas Straitéise faoinár dtoradh straitéiseach, 'Cultúr na hÉireann agus na Meán', agus tá sé intuigthe i ngach tagairt d'inbhuanaitheacht in áiteanna eile sa Ráiteas Straitéise. Cuirtear beocht in iúl go cuí le húsáid na dtuairisceoirí 'cruthaitheach' agus 'faoi bhláth'. Dá réir sin, ní mheasaimid go bhfuil gá le tuilleadh leasuithe.

Maidir leis an bpíoráideacht, aithnímid go hiomlán na dúshláin a bhaineann leis an bpíoráideacht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici, mura ndéanfaí í a sheiceáil, ar inmharthanacht eacnamaíoch na dtionscal cruthaitheach. D'ainneoin sin, ós rud é go meastar gur ábhar mídhleathach é ábhar bradach, ní chreidimid go bhfuil gá le tagairt fhollasach don phíoráideacht sa Ráiteas Straitéise. Is mian linn a dhearbhu do fhreagróirí go bhfuil córas na gComharthóirí Iontaofa ag obair chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist níos leithne an ábhair mhídhleathaigh ar líne.

Cé go dtuigimid an gá atá le soiléireacht níos fearr maidir leis an straitéis atá le glacadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le hioncaim mhóra síntiús, tabharfar aghaidh air sin mar chuid de staidéar féidearthachta ar Thobhach na nOibreacha Eorpacha.

Bhreithníomar an t-aiseolas ó Sky Ireland maidir le maoiniú a leithdháileadh ar ábhar a thugann níos mó éagsúlachta don earnáil. Is mian linn a chur in iúl go bhfuil sé mar phríomhchuspóir ag ár scéim mhaoinithe, Fuaim & Físe, ábhar cláir ardchaighdeán a fhorbairt agus tacú leo, ar ábhar é a léiríonn ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dtaithí éagsúil agus a fhreastalaíonn ar éagsúlacht lucht féachana/éisteachta ar fud craoltóirí pobail, tráchtála agus seirbhíse poiblí, idir ábhar fuaimne agus ábhar closamhairc. Is éard atá i gceist lenár bpróiseas measúnaithe breithniú a dhéanamh ar an éagsúlacht in ábhar an chláir atá beartaithe, lena n-áirítear inscne, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, chomh maith leis na seirbhísí rochtana a chuirfear ar fáil i léiriú ábhair.

Tugaimid dár n-aire an t-aiseolas ó MPC-TV maidir leis an táille cheadúnais, agus is mian linn a shoiléiriú nach dtagann sé sin faoinár sainchúram reachtúil. Tá aird tarraingthe againn freisin ar na réimsí ar leith a mholtar le haghaidh maoiniú tosaíochta, agus ba mhaith linn a athdhearbhú go mbaineann ár ról rialála le hearnáil iomlán na meán (lena n-áirítear na meáin seirbhíse poiblí, na meáin tráchtála agus na meáin phobail). Léirítear é sin sa dréacht-Ráiteas Straitéise faoin uirlis seachadta, 'Ag Tacú le hEarnáil na Meán in Éirinn agus í a Fhorbairt'. Chun béim bhreise a leagan ar fhairsinge na n-eagraíochtaí meán a chuimsítear sa sainmhíniú seo, agus chun ár dtiomantas do bheith ag tacú le craoltóireacht phobail a chur in iúl go soiléir, tá an leasú líneach seo a leanas ionchorpraithe sa Ráiteas Straitéise deiridh: 'Úsáidimid ár scéimeanna maoiniúcháin agus ár ról chun maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí PSM agus ar chraoltóirí tráchtála agus pobail chun tacú le hearnáil meán faoi bhláth, éagsúil, chruthaitheach, shábháilte agus iontaofa'.

Maidir le maoiniú tobhaigh, cloífimid lenár n-oibleagáidí faoi Alt 21(4) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán chun tobhaigh a úsáid chun costais a thabhaítear go cuí a íoc. Leanfaimid orainn ag dul i mbun comhairliúcháin phoiblí maidir lenár n-orduithe tobhaigh, ach ní mheasaimid gur cuí a shonrú conas a chionroinnfear airgead ó tobhaigh mar chuid den Ráiteas Straitéise.

Bhreithníomar an t-aiseolas ó Sky Ireland maidir leis an teannas a d'fhéadfadh a bheith ann idir maoiniú agus nuálaíocht. Creidimid go bhfuil neamhspleáchas eagarthóireachta agus cruthaitheachta, agus rochtain ar dheiseanna nuálaíochta, ríthábhachtach chun ábhar ardchaighdeán a léiriú. Ar an gcúis sin, tá nuashonrú déanta againn ar an dréacht-Ráiteas Straitéise faoin toradh straitéiseach, 'Cultúr na hÉireann agus na Meáin', chun an téacs nuashonraithe seo a leanas a chur san áireamh mar a bhfuil líne faoi: 'Earnáil léirithe nuálach agus chruthaitheach ina léirítear agus ina bhfreastalaítear ar leasanna shochoaí na hÉireann'. Rinneamar an téacs a nuashonrú freisin faoin toradh straitéiseach, 'Daonlathas', mar seo a leanas: 'Cosnaítear neamhspleáchas eagarthóireachta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh agus cuirtear raon leathan tuairimí polaitiúla in iúl go dleathach'

Táimid tiomanta do dhul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus ár scéimeanna maoiniúcháin á múnú, á bhforbairt agus á n-athbhreithniú againn.

### **Téama 3: Iolrachas, éagsúlacht agus cuimsiú**

#### *Barúlacha ó fhreagróirí:*

Fáiltíodh go forleathan roimh ár dtiomantas don iolrachas, don éagsúlacht agus don chuimsiú, go háirithe mar a léirítear inár bhfís, inár misean agus inár dtorthaí straitéiseacha. Fuarthas líon beag iarrataí ar shoiléireacht, ar níos mó sonraí a thabhairt nó ar leasú breise. Mheas RTÉ, mar shampla, go bhfuil tiomantas an Choimisiúin don éagsúlacht agus don chuimsiú inmholta, ach d'iarr sé soiléireacht níos fearr maidir leis an tábhacht a bhaineann le hiolrachas tuairimí a choinneáil, ar an mbonn go bhféadfadh luach a bheith fós ag roinnt tuairimí, cé nach bhfuil siad dleathach go docht, chun dioscúrsa sibhialta oscailte a chothú. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais fáilte roimh an mbéim ar iolrachas inár ráiteas misin, ach d'iarr sé go gcuirfí an focal 'cuimsitheach' in ionad an fhocail 'éagsúil' inár bhfís. Is é an réasúnaíocht atá acu ná go ndíríonn an éagsúlacht ar ionadaíocht sna meáin, ach baineann cuimsiú le tírdhreach meán a thógáil a chinntíonn gur féidir le gach duine a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin an toradh straitéiseach, 'Éagsúlacht agus Cuimsiú', agus ár 'Straitéis maidir le Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (GEDI)',

agus mhol siad go bhféadfadh ár dtiomantas do straitéis GEDI a chur chun feidhme a bheith níos follasaí. D'iarr siad freisin go léireodís forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go leanfaimis cur chuige an Dearaidh Uilíoch inár gcuid oibre, lena n-áirítear ár gcumarsáid, agus go leagfaimis amach céimeanna chun an mhonatóireacht ar cháilíocht na seirbhísí rochtana a neartú, le rannpháirtíocht úsáideoirí rochtana.

Faoin gceannteideal, 'Taighde agus Béim Amach Anseo', mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an dréacht-Ráiteas Straitéise a thabhairt cothrom le dáta chun taighde ar ionadaíocht agus léiriú daoine faoi mhíchumas sna meáin chraolta a chur san áireamh.

D'iarr Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann go gcuirfimis íomhá níos cothroime i láthair maidir le héagsúlacht ábhar na meán, tríd an téacs thíos a bhfuil líne faoi a chur leis an ngníomh seachadta seo a leanas:

'Déanfaimid tionscnaimh nua a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena spreagfar soláthar ábhair ardchaighdeán meán i mBéarla agus i nGaeilge, lena n-áirítear iriseoireacht, nuacht agus cúrsaí reatha, ábhar faisnéise, drámaíochta, beochana, fíorasach agus ábhar scáileáin siamsaíochta, atá éagsúil, nuálach, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch go cuí ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann.'

D'iarr an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an gCoimisiún breac-chuntas a thabhairt ar na céimeanna atá beartaithe againn a ghlacadh chun an mhonatóireacht ar chaighdeán na seirbhísí rochtana a neartú, le rannpháirtíocht úsáideoirí rochtana. Ar bhonn níos leithne, d'iarr sé go leagfaimis amach conas atá sé i gceist againn ár n-oibleagáidí faoin Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA) a chomhlíonadh.

#### *Breithniú agus freagra Choimisiún na Meán:*

Aontaímid go hiomlán leis an tábhacht a bhaineann le hionraic tuairimí a choinneáil. Tar éis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-Ráiteas Straitéise as an nua, measaimid go bhfuil coincheap an iolrachais léirithe go leordhóthanach i gcorp an doiciméid, lena n-áirítear inár ndrúcht-ráiteas misin agus inár dtoradh straitéiseach, 'Cultúr na hÉireann agus na Meán'. Tugaimid ar aire freisin go ndéantar tagairt fhorleathan don cheart chun tuairimí a nochtadh agus dár dtiomantas seasamh leis an gceart sin, lena n-áirítear i Roinn 1 ('Réamhrá'), sa téacs a ghabhann leis an toradh straitéiseach, 'Daonlathas', agus i Roinn 5 ('Ár gCreat Cur Chun Feidhme'). Ina theannta sin, rinneamar tagairt freisin don cheart chun tuairimí a nochtadh sa Bhrollach a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise deiridh anois.

Mar atá leagtha amach inár bhfreagra faoi Théama 1, aontaímid go hiomlán leis an tábhacht a bhaineann le gach duine a chumasú chun páirt a ghlacadh i dtírdhreach na meán agus leis na meáin, agus táimid tiomanta go hiomlán oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir chun é sin a chinntiú. Léirítear é sin sa toradh straitéiseach, 'Éagsúlacht agus Cuimsiú', agus san iliomad tagairtí do chuimsiú agus d'inrochtaineacht ar fud an doiciméid. Tá níos mó béime curtha againn ar inrochtaineacht agus ar chuimsiú anois, lena n-áirítear sa Bhrollach a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise deiridh.

Cuirimid fáilte roimh mholadh an Údarais Náisiúnta Míchumais d'fhorálacha ár straitéise GEDI, agus táimid tiomanta go hiomlán di agus do bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirfear ar fáil í. Tá sé sin soiléir sa dréacht-Ráiteas Straitéise, agus ní mheasaimid go bhfuil gá le tuilleadh leasuithe. Táimid tiomanta freisin dár n-oibleagáidí faoin Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a chomhlíonadh agus táimid ag ullmhú faoi láthair dó sin. Leagfaimid amach tuilleadh sonraí inár gclár oibre bhliantúla.

Tugaimid ar aire gur iarr an tÚdarás Náisiúnta Míchumais orainn forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a léiriú, agus cur chuige an Dearaidh Uilíoch a leanúint inár gcuid oibre, lena n-áirítear ár ngníomhaíochtaí cumarsáide. Leanaimid orainn ag cur le hinrochtaineacht ár n-acmhainní cumarsáide, lena n-áirítear trí theanga chomharthaíochta a sholáthar chun tacú le físeáin faisnéise, agus sheolamar ár suíomh Gréasáin nua le déanaí a dearadh de réir na dTreoirínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán. Ina theannta sin, tá EDI ar cheann de dhá phríomhspreagthóir a sainiúid inár ndrúcht-Straitéis Daoine. Léireofar inár Straitéis Daoine ár dtiomantas d'ionad oibre cuimsitheach a chothú a thacaíonn leis an bhfoireann go léir, lena



n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, agus a leabóidh inrochtaineacht inár bpróisis earcaíochta chun comhdheiseanna a chinntiú agus chun ár gcumas raon éagsúil tallainne a mhealladh. Ní mheasaimid gur gá, áfach, an leibhéal sin mionsonraí a chur san áireamh inár Ráiteas Straitéise.

Tá treoirthionscadal faoi stiúir na mBodhar á ullmhú againn faoi láthair maidir le caighdeán an fhotheidealaithe agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus tugaimid ar aire an moladh ón Údarás maidir le deis taighde ar leith a bheith ann amach anseo. Déanfaimid é sin a mheas tuilleadh i gcomhthéacs fhorbairt ár Straitéise Taighde.

Tugaimid ar aire freisin an leasú atá molta ag Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann maidir le héagsúlacht na gcineálacha ábhair meán agus aontaímid go gcuireann an leasú atá beartaithe leis an téacs atá ann cheana agus gur fearr a léiríonn sí fairsinge na forbartha ábhair a dtacaímid léi. Tá sé sin ionchorpraithe againn sa Ráiteas Straitéise deiridh, seachas an focal “scáileán”, mar is mian linn a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir maidir le gach cineál ábhair.

## **Téama 4: Infheictheacht earnálacha áirithe agus cineálacha áirithe ábhair**

### *Barúlacha ó fhreagróirí:*

Lorg roinnt freagróirí infheictheacht níos fearr sa Ráiteas Straitéise deiridh maidir le hearnálacha agus cineálacha ábhair ar leith, lena n-áirítear léiriú raidió neamhspleách (agus an earnáil léiriúcháin neamhspleách ar bhonn níos leithne), iriseoireacht neamhspleách, na meáin seirbhíse poiblí agus ábhar seirbhíse poiblí.

Lorg Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, mar shampla, níos mó suntasachta don earnáil léiriúcháin neamhspleách, agus mhol siad téacs breise lena bhreithniú. Mhol siad freisin gur cheart go n-áireofaí sa Ráiteas Straitéise straitéis chun an earnáil léiriúcháin neamhspleách a chothú agus a fhorbairt.

Lorg RTÉ infheictheacht níos fearr d'iriseoireacht neamhspleách ardchaighdeáin ar líne, agus d'iarr sé go dtabharfaí isteach bearta chun cabhrú le lucht féachana/éisteachta foinsí iontaofa faisnéise a idirdhealú agus éiceachóras faisnéise sláintiúil ar líne a chothú. Luaigh Local Ireland an pointe sin freisin agus, i gcomhthéacs theacht chun cinn IS giniúnaí, leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le litearthacht sna meáin a mhúineadh i scoileanna.

Ag tagairt go sonrach d'ábhar na meán seirbhíse poiblí agus na seirbhíse poiblí, leag Local Ireland béim ar an ról ríthábhachtach atá ag soláthraithe ábhair meán seirbhíse poiblí, agus leag RTÉ béim ar an tábhacht a bhaineann le hábhar seirbhíse poiblí a bheith infheicthe, agus d'iarr sé go mbeadh rialacha leordhóthanacha suntasachta ann (dá bhforáiltear in Acht OSMR 2022). Sa chomhthéacs sin, mhaígh RTÉ go mbeidh sé ríthábhachtach teorainneacha soiléire a bhunú ar iompar na n-ardán ceannasach amhail tosaíocht sa rangú chun éiceachóras meán atá cothrom agus iomaíoch a chothú, agus rochtain chothrom ag soláthraithe ábhair meán ar thomhais lucht féachana/éisteachta agus ar mhéadracht rannpháirtíochta úsáideoirí deiridh a chinntiú.

### *Breithniú agus freagra Choimisiún na Meán:*

Tuigimid an tábhacht a bhaineann leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách do na tionscail chruthaitheacha in Éirinn, agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt di trínár scéim maoiniúcháin cláir, Fuaim & Fís. Agus tagairt á déanamh don earnáil léiriúcháin sa dréacht-Ráiteas Straitéise, measaimid go dtuigtear go bhfuil léiriú neamhspleách san áireamh agus, ar an gcúis sin, ní dhearnamar tagairt dó ar leithligh. Tabharfar aghaidh ar oibríochtú ár dtacaíochta don earnáil léiriúcháin, lena n-áirítear léiriú neamhspleách, trí chlár oibre bhliantúla a foilseofar ar ár suíomh gréasáin.

Aontaímid gur earra poiblí ríthábhachtach é timpeallacht iontaofa a bheith ann do na meáin, lena n-áirítear iriseoireacht neamhspleách ardchaighdeáin. Tá ár dtiomantas do thórdhreach iontaofa meán sainráite inár bhfís, agus inár gcur in iúl maidir le cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar na torthaí straitéiseacha, ‘Daonlathas’ agus ‘Sábháilteacht Phoiblí’ sa chleachtas (‘meastar gur foinsí iontaofa

ábhair iad eagraíochtaí Meán Seirbhíse Poiblí agus soláthraithe rialáilte eile'; 'Déanann daoine ábhar ó fhoinsí iontaofa faisnéise a lorg, a shainaithint agus a ídiú, rud a chuireann go dearfach leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht phoiblí').

Leagtar amach go soiléir freisin ár dtiomantas do thionscnaimh litearthachta agus oideachais sna meáin a mhaoiniú agus a chur chun cinn ionas gur féidir le lucht féachana idirdhealú a dhéanamh idir foinsí iontaofa faisnéise (ar líne agus ar fud na meán uile) faoin uirlis seachadta, 'An Pobal a Chumhachtú agus ag Tacú leis an bPobal'.

Tá ár dtiomantas d'iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta a chothú soiléir faoin uirlis seachadta, "Ag Tacú le hEarnáil na Meán in Éirinn agus í a Fhorbairt" agus déanfar é a oibríochtú trínár gcláir oibre bhliantúla, agus go háirithe tríd an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna a éilíonn nach mór d'iarratasóirí ar mhaoiniú a bheith ina n-eintitis rialáilte (i.e. arna rialú ag an gCoimisiún nó ag Comhairle an Phreasa).

Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa Bhrollach a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise deiridh, go bhfuil tagairt shainráite déanta againn don tábhacht a bhaineann le hiriseoireacht neamhspleách ardchaighdeán agus le cruthú ábhair. Tá sé curtha in iúl go soiléir againn freisin go bhfuilimid tiomanta do bheith ag obair chun a chinntiú go mbeidh na huirlisí agus na scileanna ag daoine chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcruthaítear ábhar meán agus ar an gcaoi a gcuireann cineálacha éagsúla seirbhísí ábhar meán i láthair dóibh.

Aithnímid go bhfuil infheictheacht ábhair seirbhíse poiblí agus PSM tábhachtach ar bhonn níos leithne do thodhchaí na hearnála agus dá lucht féachana/éisteachta. Déantar tagairt fhorleathan dár dtiomantas d'fhorbairt earnáil na meán amach anseo, atá sainithe i dtéarmaí leathana, sa Ráiteas Straitéise, go háirithe faoin uirlis seachadta, 'Ag Tacú le hEarnáil na Meán in Éirinn agus í a Fhorbairt'. Dá réir sin, ní mheastar go bhfuil gá le haon athrú breise sa Ráiteas Straitéise.

## Téama 5: Cumarsáid, Comhairliúchán, Comhar

### *Barúlacha ó fhreagróirí:*

Mhol Technology Ireland go gcuirfí tiomantas do chumarsáid shoiléir leis an Ráiteas Straitéise deiridh, lena n-áirítear gealltanas dul i gcomhairle le foilseacháin amhail dréacht-treoracha, doiciméid straitéise agus cláir oibre bhliantúla. Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur cheart go léireodh ár Ráiteas Straitéise deiridh ár dtiomantas cloí leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus leis an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017.

D'ardaigh roinnt freagróirí an cheist maidir le gníomhaíochtaí comhoibríochta an Choimisiúin freisin:

- Chuir Local Ireland a ndóchas in iúl go n-oibreoidimid i gcomhar le Comhairle an Phreasa.
- D'áitigh Technology Ireland gur cheart go soiléireofaí sa Ráiteas Straitéise deiridh cathain, agus cén bonn ar a bhfuil an Coimisiún ag obair le rialtóirí eile.
